

Tuarascáil Bhliantúil an Choiste a Ceapadh

chun Monatóireacht a dhéanamh ar Éifeachtacht
an Chláir Athstiúrtha

Tá fáil ar chóip den tuarascáil seo ar
láithreán gréasáin an Gharda Síochána,
www.garda.ie agus ar láithreán gréasáin
Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith
an Aosa Óig, www.iyjs.ie.

2016

Biúró an Gharda Síochána don
Chaidreamh Pobail
An Garda Síochána
Cearnóg Fhearchair
Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Guthán: (01)666 38 31/2/3/4
Facs: (01) 666 38 27
Ríomhphost: youthdiversion@garda.ie

2016

Tuarascáil Bhliantúil an Choiste a Ceapadh chun
Monatóireacht a dhéanamh ar Éifeachtacht an
Chláir Athstiúrtha

CLÁR ÁBHAR

1.	Teachtaireacht ó Chathaoirleach an Choiste	3
2.	Forbhreathnú ar an gCoiste	4
3.	Achoimre Feidhmiúcháin	5
4.	Forbhreathnú ar an gClár Athstiúrtha	6
5.	Tuarascáil Stiúirthóir an Chláir Athstiúrtha	8
6.	Struchtúr na hOifige agus an Líonra Athstiúrtha	9
7.	Comhoibriú Idirghníómhaireachta	10
8.	Oiliúint a cuireadh ar Oifigigh Idirchaidrimh don Óige	11
9.	Faisnéis Staitistiúil	12
10.	Ceartas Aisiríoch	20
11.	Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána	22
12.	Forbairtí a tháinig in 2016 ar Athstiúradh	24
13.	Dúshlán agus Rioscaí don Chlar Athstiúrtha	26
14.	Moltaí	27

1. TEACHTAIREACHT Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE



A Choimisineir a chara,

Is deas liom, mar chathaoirleach an Choiste Monatóireachta a ceapadh faoi alt 44(1) d'Acht na Leanaí, 2001, chun Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2016 a chur i láthair.

Ceapadh mé mar chathaoirleach ar an gCoiste Monatóireachta in 2017 agus táim ag súil le bheith ag obair le mo chomhbhaill ar an gcoiste chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha. Tugann an ról an deis na limistéir ar féidir linn iarrachtaí a dhíriú a shainaithint agus moltaí a dhéanamh chun a chinntiú go leantar leis an gClár Athstiúrtha mar uirlis éifeachtach chun páistí a athstiúradh ó choireacht agus ón gcóras ceartais coireachta.

Is léiriú ≥í an tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí an Choiste Mhonatóireachta agus an Chláir Athstiúrtha i rith 2016. Leagtar béim ar fhorbairtí i rith na bliana agus aithnítear na dúshlán agus na rioscaí reatha atá ann don Chlár Athstiúrtha. I ndiaidh dúinn monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Cláir Athstiúrtha i rith 2016 trí chruinnithe an choiste, trí rannpháirtíocht le Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha agus foireann Oifig Athstiúrtha an Óige an Gharda (GYDO), rinneadh roinnt moltaí a leagan amach do 2017.

D'aithin an Choiste go raibh roinnt dúshlán ann don Chlár Athstiúrtha in 2016 atá fós ann in 2017. Glacann an Coiste nach bhfuil forbairt na hoifige ag teacht le moladh Thuarascáil Bhliantúil 2015 mar gheall ar easpa acmhainní sa GYDO. Moltar dul i ngleic leo seo agus le ceistanna atá níos dúshlánaí le linn 2017, agus béim faoi leith a chur ar thorthaí Thuairisc Aonad Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda Síochána ar an scrúdú a rinneadh ar Oifig Athstiúradh Óige an Gharda inar aithníodh roinnt gnéithe in bhfuil aird faoi leith ag teastáil. Ag an am céanna áfach, aithníonn an Coiste obair dhearfach an GYDO i roinnt réimsí lena n-áirítear cinntiú go bhfuil béim á leagan ar coireacht an óige ag cruinnithe roinne agus ceantair PAF (Feidhmiúlacht agus Cuntasacht). Baineadh é seo amach trí oiliúint a chur ar Oifigigh Roinne agus Cheantair ar Athstiúradh an Óige trí Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha a bheith i láthair ag cruinnithe ceantair. Fáiltíonn an Coiste roimh an stádas 'Neamhoiriúnach i nGach Cás' (UFAC) a bhaint rud a chinntíonn ndéantar measúnú leordhóthanach ar gach paiste maidir le páirt a ghlacadh sa chlár mar atá riachtanach de réir an Achta.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha, an Ceannfort Yvonne Murphy, le hIarstiúrthóir Ard-Cheannfort Colette Quinn, leis an bhfoireann ag Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána agus leis na hOifigigh Idirchaidrimh don Óige ar fud na tíre as ucht a ndíograise, a dtiomantais agus a saothair den scoth i rith na bliana 2016

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na baill reatha ar Choiste Monatóireachta Alt 44 ; An tUas. Eddie D'Arcy, Dr. Jennifer Carroll MacNeill agus Garda Sarah McIntyre (Rúnaí don Choiste) as ucht a gcuid iarrachtaí agus a ndúthrachta i gcaitheamh na bliana. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun mo bhuíochas a chur in iúl do bhaill an choiste atá ag fágáil an tArd-cheannfort Karl Heller agus an Cigire Majella Armstrong (Rúnaí an Choiste), as ucht na hoibre a rinne siad i rith a dtionachta ar an gCoiste.

Coimisineir Cúnta

PAT LEAHY

2. Forbhreathnú ar an gCoiste

Foráiltear le **hAlt 44 d'Acht na Leanaí 2001** go gceaptar Coiste chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha. Baineann téarmaí tagartha an Choiste le:

- monatóireacht ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha.
- athbhreithniú ar gach gné dá oibriú.
- monatóireacht ar gach éileamh oiliúna leanúnach de chuid na n-áisitheoirí.
- cur tuarascála bliantúla faoi bhráid Choimisinéir an Gharda Síochána i leith a ghníomhaíochtaí i rith na bliana.

Is iad tascanna an Choiste ná chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- scrúdú a dhéanamh ar bhainistiú agus soláthar éifeachtach an Chláir Athstiúrtha.
- dea chleachtais a aithint i riaradh an Chláir.
- measúnú a dhéanamh ar na dea chleachtais d'oiliúint áisitheoirí agus chun monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar oiliúna.
- modheolaíochtaí a chur i dtoll a chéile do bhreithmheas agus tomhas éifeachtacht an Chláir.

Is iad a leanas baill reatha an Choiste:



Tá an Coimisinéir Cúnta Pat Leahy freagrach as Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath chomh maith lena shainchúram um Rannpháirtíocht Pobail & Shábháilteacht Phoiblí lena n-áirítear na portfóilíonna ag Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, Oifig Náisiúnta um Phóilíneacht Phobail, Ionad Foirfeachta Náisiúnta an Gharda um chosc na Coireachta agus Biúró an Gharda Síochána um Ilchineálacht Phobail agus Imeachadh. Ceapadh é mar Chathaoirleach an Choiste Mhonatóireachta in 2017.



Chuaigh **an tArd Cheannfort Karl Heller** leis an nGarda Síochána i 1982 agus d'fhóin sé ag Stáisiún Ghardaí Fhionnghlaise, Bhaile Munna, na Cúlóige agus Shoir, anuas ar Choláiste an Gharda Síochána. Ceapadh é ina Cheannfort in 2007 agus d'fhóin sé ag Stáisiún Gardaí Charraig Mhachaire Rois agus ag Biúró an Gharda Síochána don Chaidreamh Pobail. Tugadh ardú céime aníos go dtí Ard Cheannfort dó in 2015 agus is é an tOifigeach Roinne faoi láthair ag Biúró an Gharda Síochána don Chaidreamh Pobail. Bhain sé M.Sc amach i gCosaint Leanaí (Coláiste na Tríonóide). Bhí se ina bhall den choiste monatóireachta roimh dul ar scor ón nGarda Síochána in 2017.



Is oibrí óige gairmiúil é **Eddie D'Arcy** a bhfuil taithí de bhreis ar 35 bliain aige, lena n-áirítear 15 bliana mar bhainisteoir ar Sheirbhís Óige Bhaile Uí Rónáin agus 6 bliana mar Cheann Seirbhísí Oibre don Óige le Cúram don Óige Chaitliceach. Ba eisean a d'fhorbair an chéad Tionscadal Athstiúrtha Óige de chuid an Gharda Síochána (GRAFT). Tá sé ina léachtóir faoi láthair leis an Obair don Óige ag Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus tá sé ag oibriú le Tionscadal Compass a thacaíonn le ciontóirí óga i ndiaidh go scaoiltear iad ón bpríosún.



Abhcóide í **an Dr Jennifer Carroll MacNeill** agus b'aturnae agus eolaí polaitiúil í roimhe seo. Comhúdar í le 'The Children Court: A National Study', a d'fhoilsigh an Cumann um Thaighde agus Fhorbairt Ceartais Choiriúil in 2007. D'oibrigh sí sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Ceapadh í leis an gCoiste Monatóireachta i nDeireadh Fómhair 2015.

3. ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Bhí roinnt forbairtí dearfacha laistigh den Chlár Athstíúrtha in **2016** ach bhí roinnt dúshlán ann d'Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda (GYDO) maidir lena gcleachtais reatha agus a nósanna. Chun dul i ngleic leis na ceistanna seo, lean Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda ag obair le hAonad Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda maidir le hAthbhreithniú ar an gClár Athstíúrtha gus táthar ag súil leis an tuarascáil in 2017.

Staitisticí Suntasacha

- B'ionann líon iomlán na n-atreoruithe chuig an gClár Athstíúrtha i rith 2016 agus 17,615 i gcomparáid le 19,513 in 2015, ar laghdú 9.7% é.
- Atreoráíodh 9,451 leanbh chuig an gClár in 2016 i gcomparáid le 9,807 in 2015.
- Cuimsíodh 7,262 (77%) na leanaí atreoruithe leis an gClár Atreoruithe i gcomparáid le 7,282 (74%) in 2015. Measadh 1,250 (13%) leanbh mar neamhoiriúnach le cuimsiú sa Chlár i gcomparáid le 1,479 (15%) in 2015.
- D'úsáid Oifigigh Idirchaidreamh Óige Ceartas Aisiríoch i gcás 667 atreorú i gcomparáid le 891 in 2015.
- Leanann goid agus cionta bainteacha (30.7%), Ord Poiblí (22.3%), agus díobháil do mhaoín agus don timpeallacht (10.4%) mar phríomhchatagóirí na gcionta ina raibh leanaí atreoruithe mar gheall orthu
- Is ionann an líon foirne an Gharda atá ag obair sa Chlár Athstíúrtha agus 123, a bhfuil 115 den líon sin ag obair i gceantair an Gharda ar fud na tíre. Oibríonn 6 Oifigeach Cléireachais sa Chlár Athstíúrtha laistigh d'Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda.

Forbairtí 2016

Baineadh an stádas 'neamhoiriúnach i ngach cás' i míEanáir 2016 (UFAC)). Chinn Stiúrthóir an Chláir athstíúrtha é seo chun a chinntiú go ndéanfaí measúnú leordhóthaineach ar gach páiste maidir len iad a chuimsiú ar an gClár ar atá riachtanach faoin Acht Leanaí 2001.

Lean An Garda Síochána ag obair i gcomhpháirtíocht le roinnt páirtithe leasmhara i rith na bliana. I measc na samplaí tá:

- Obair le Foróige agus Seirbhísí na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig (IYJS) mar chuid de thionscadail Athstíúrtha Óige an Gharda (GYDP) – Tionscnamh Dea-chleachtais
- Comhoibriú leis an tSeirbhís Príosún, Ionad Coinneála Bhaile an Oibricigh, Tusla, an tSeirbhís Promhaidh agus na Cúirteanna mar chuid d'Fhoireann Churtha i bhFeidhm Phlean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig 2014-2018

Dúshlán d'Athstíúradh Óige

- Treor na níospartach 2012/29/EU agus impleachtaí do rabhaidh tugtha ao haisiríoch.
- Próisis, nósanna agus Rialachas an Chláir Athstíúrtha.
- Forbairt oiliúna agus beartais maidir le bainistíocht agus le maoirseacht ciontóirí gnéis atá ina leanaí.

I dtreo 2017

- Torthaí Thuarascáil Aonad Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda agus torthaí Thuarascáil Athbhreithnithe an Choimisinéara ar an gClár Athstíúrtha ag an mBreitheamh Gillian Hussey (ar scor).
- Tá IYJS ag déanamh athbhreithniú ar an Acht Leanaí 2001 a d'fhéadfadh impleachtaí a bheith ann don réimse Athstíúrtha Óige.
- Acmhainní breise ag Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda maidir le breis monatóireachta a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chláir ar fud na tíre in éineacht le hOifigigh Cheantair áitiúla agus forbairt bheartais

4. FORBHREATHNÚ AR AN gCLÁR ATHSTIÚRTHA

Nuair a bhíonn duine faoi bhun 18 bliain d'aois freagrach as coir éigin, is féidir plé leis an gcás ar cheachtar den dá bhealach a leanas;

1. Is féidir rabhadh a thabhairt don duine óg, bíodh rabhadh foirmiúil nó neamhfhoirmiúil i gceist leis, nó
2. Is féidir iad a thabhairt os comhair na cúirte.

Caithfear rabhadh a bhreithniú do dhuine óg ar dtús sula dtugtar os comhair na cúirte iad. Is foláireamh atá sa rabhadh ó Oifigeach Idirchaidrimh an Gharda Síochána don Óige, agus áirítear leis plé faoin gcoir atá i gceist. Is é Ceannfort an Gharda a ghlacann an cinneadh chun rabhadh nó ionchúiseamh a thabhairt ag Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána. Tugtar an Clár Athstíúrtha ar an gclár malartach seo chun plé le daoine óga a dhéanann cion nó coir éigin. Oibrítear an clár seo faoi reachtaíocht arna leagan amach in Acht na Leanaí, 2001.

CUIMSIÚ SA CHLÁR ATHSTIÚRTHA

Is ann do roinnt critéar a chaithfear a chomhlíonadh sular féidir a mheas go bhfuil duine óg oiriúnach do rabhadh agus dá áireamh leis an gClár Athstíúrtha.

Caitheann an duine óg an méid seo a leanas a dhéanamh:

- glacadh le freagracht as an iompar ciontaithe,
- comhaontú le rabhadh a fháil,
- comhaontú de réir mar is cuí le téarmaí na maoirseachta.

Is faoi Stiúrthóir an Chláir Athstíúrtha a bhíonn sé chun cinneadh a dhéanamh faoi oiriúnacht duine óig lena áireamh sa chlár. Agus an cinneadh sin á dhéanamh, féadann an Stiúrthóir tuairimí a lorg ó íospartach ar bith, ach is faoin Stiúrthóir é an cinneadh deireanach.

CONAS A OIBRÍONN AN PRÓISEAS?

Is amhlaidh i ngach aon chás a dhéanfaidh Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (OIÓ) teagmháil leis an duine óg agus a mbuailfidh siad leo chun an t iompar ciontaithe a phlé. Féadann an cruinniú sin tarlú i mbaile an linbh nó sa Stáisiún Garda. Caitheann an leanbh agus tuismitheoir(i) nó caomhnóir an linbh bheith i láthair. I gcaitheamh an phlé sin is amhlaidh a bheifear ag dúil ón duine óg go ngeallfaidh siad gan cionta a dhéanamh amach anseo. Déanfaidh an OIÓ agus an teaghlach iar racht chun tacú le pé iarrachtaí a bhíonn an duine óg toilteanach a dhéanamh chun aon iompar ciontaithe amach anseo a chosc. Is é OIÓ, Cigire Garda nó an Ceannfort Garda a thabharfaidh an rabhadh.

CÉ A DHÉANANN AN CINNEADH AN OIRIÚNACH NÓ NACH OIRIÚNACH É AN DUINE?

Is é Ceannfort Garda ag Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána a dhéanfaidh an cinneadh chun duine a áireamh leis an gClár Athstíúrtha, ar a dtugtar Stiúrthóir an Chláir. Agus a c(h)inneadh á dhéanamh aige/aici, is féidir an Stiúrthóir breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:


- Cineál an chiona
- Tuairimí an íospartaigh
- Leasanna na sochaí
- Tuairimí an Gharda gabhála
- Tuairimí an OIÓ
- Dearcadh agus tuairimí an duine óig a rinne an cion
- Tuairimí thuismitheoirí nó chaomhnóir an duine óig
- Cé acu ar gabhadh nó nár gabhadh leithscéal
- Cé acu an féidir nó nach féidir rud ar bith a dhéanamh chun an díobháil a chur ina ceart
- Baint roimhe seo an linbh sa chlár.

CAD IS MAOIRSEACHT ANN?

Is féidir an duine óg a chur faoi mhaoirseacht an OIÓ ar feadh tréimhse 12 mhí nuair a thugtar rabhadh dó/di. Is é an OIÓ a dhéanfaidh cinneadh i leith chineál na maoirseachta, agus beidh éagsúlacht ann ó chás go chéile. Cuir i gcás go mbaineann comhaontú an duine óig leis chun dul i mbun gníomhaíochtaí áirithe, freastal ar thionscadal óige, nó nach foláir don duine óg tuairisciú a dhéanamh leis an OIÓ nó chuig Gardaí eile ag tráthanna ar leith.

Tugtar cuntas sa léarscáil phróisis thíos ar conas a oibríonn an Clár Athstíúrtha ón tráth a bhraitear an cion i dtosach báire go dtí go meastar go bhfuil an leanbh oiriúnach lena chuimsiú sa chlár agus go dtugtar rabhadh dó/di nó go meastar nach bhfuil sé/sí oiriúnach lena chuimsiú sa chlár.

Fíor 1: An Próiseas Athstíúrtha Óige (Foinse: an Oifig Athstíúrtha Óige 2016)



5. Tuarascáil Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha



Mar Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha, is deas liom cur le Tuarascáil an Choiste Monatóireachta 2015. Cheap Coimisinéir an Gharda Síochána mé mar Stiúrthóir i Lúnasa agus táim ag súil le bheith ag obair leis an gCoiste Monatóireachta ina iarrachtaí monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir.

Tharla éabhlóid sciobtha do Cheartas i leith an Aosa Óig le deic mbliana anuas agus tá dualgas móðr orainn mar ghairmithe cheartais i leith an aosa óig de bharr na héabhlóide seo. Ní mór dúinn cosaint, sábháilteacht agus folláine an pháiste a chinntiú maidir le gach idirghníomhaíocht leis an nGarda Síochána agus iad ag plé leis an gcóras ceartais i leith an aosa óig agus is cuid lárnach í obair an Choiste Mhonatóireachta chun a chinntiú go mbaintear amach é seo.

Rinneadh 9,451 páiste san iomlán a atreorú chuig an ár Athstiúrtha in 2016. Mar sin, chun cur i bhfeidhm éifeachtúil an Chláir Athstiúrtha a bhaint amach, teastaíonn comhoibriú idirghníomhaireachta ag leibhéal straitéiseach agus ag leibhéal praiticiúil araon. I rith 2016 lean an Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána le plé lena gcomhpháirtithe i gceartas i leith an aosa óig tríd a gcuid oibre maidir leis an bPlean Gníomhaíochta un Cheartas i leith an Aosa óig 2014-2018 agus mar chuid de Thionscnamh Dea-chleachtais GYDP. Is éard atá i gceist leis an bPlean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa óig ná foireann curtha i bhfeidhm idirghníomhaireachta a bhfuil ionadaithe sinsearach a gach gníomhaireacht óige mar bhaill di agus tá sí i gceannas ar chur i bhfeidhm an phlean ghníomhaíochta. Tá an Cigire Nuala Finn ó Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda mar ionadaí an Gharda Síochána agus leanfar le hobair na foirne curtha i bhfeidhm i rith 2017. Mar chuid de Thionscnamh Dea-chleachtais GYDP, d'oibrigh Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda go dlúth le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig (IYJS) agus le Foireann Forbartha Dea-chleachtais Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda. Tá an Fhoireann Forbartha Dea-chleachtais dírithe ar dhea-chleachtas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm laistigh de líonra Thionscadail Athstiúrtha Oige an Gharda agus ar na hidirghabhálacha a chuitear ar fáil trí thionscadail a fheabhsú.


Lean an grúpa oibre a bhunaigh Coimisinéir an Gharda é in 2015 chun an Clár Athstiúradh a scrúdú lena chuid oibre i rith 2016 ag an am céanna le hathbhreithniú ar Aonad Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda. Bhí an dá ghrúpa dírithe ar chleachtais agus nósanna reatha a scrúdú, ar an gclár a athbhreithniú i gcomparáid le dea-chleachtas idirnáisiúnta agus ar fhís um Athstiúradh an Óige a leagan amach. Táthar ag súil go gcuirfidh an dá ghrúpa a dtorthaí agus a moltaí faoinár mbráid in 2017.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun béim a leagan ar thiomantas bhaill an Gharda atá páirteach in Athstiúradh an Óige agus a dtiomantas agus a n-iarrachtaí tríd a rannpháirtíocht le ciontóirí óga agus lena dteaghlaigh chomh maith leis an bpáirt a ghlacann siad i dTionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda a thréaslú. Is mian liom freisin buíochas a ghabháil le foireann Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda as ucht a gcuid oibre crua go léir ag tacú leis an gClár Athstiúrtha ag le hobair bhaill seo an Gharda. Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt do agus buíochas a ghabhail le baill an Choiste Mhonatóireachta atá ceaptha faoi Alt 44(1) Acht na Leanáí 2001 as ucht a tacaíocht a leanúnaí i rith 2016

Yvonne Murphy

Ceannfort (Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha)


6. STRUCHTÚR NA HOIFIGE AGUS AN LÍONRA ATHSTIÚRTHA



Fíor 2 – Struchtúr na hoifige agus an líonra athstiúrtha (Foinse: Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda 2017)

7. COMHOIBRIÚ IDIRGHNÍOMHAIREACHTA

Chun dul i ngleic go héifeachtúil le ciontú nó le hathchiontú duine óig, teastaíonn ionchur ó raon gníomhaireachtaí agus seirbhísí. Tarlaíonn sé seo ag leibhéal straitéiseach trí phleanáil agus trí sholáthair seirbhísí áitiúla, agus ag leibhéal praiticiúil nuair a chinntear ar phacáiste idirghabhálacha agus nuair a cuirtear ar fáil iad chun cabhrú le hathchiontú páiste a chosc, agus tá ról tábhachtach ag comhoiriú idir ghníomhaireachtaí maidir leis seo. I measc samplaí den chomhoibriú seo tá an rannpháirtíocht leanúnach idir Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda agus a comhpháirtithe i gceartas i leith an aosa óig agus a hobair maidir le Plean Gníomhaíochtaí um Cheartas i leith an Aosa Óig 2014-2018, Tionscnamh Dea-chleachtais GYDP agus Tuarascáil Greentown. Lasmuigh de na tionscnaimh fhoirmiúla seo, tarlaíonn plé leanúnach idir Oifig Athstíúrtha an Gharda, OLÓanna agus na páirtithe leasmhara liostáilte thíos:



Fíor 3 – Páirtithe Leasmhara um Cheartas i leith an Aosa Óig (Foinse: Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda 2017)

Tá roinnt spriocanna sonracha maidir le geallúintí atá leagtha amach sa chlár rialtais, I dTreo Aisghabhála: Clár don Rialtas Náisiúnta 2011-2016 a bhaint amach sa réimse Cheartais i leith an Aosa Óig aitheanta sa **Phlean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig 2014-2018**. Is cuid é freisin de bheartais leathana náisiúnta, lena n-áirítear Better Outcomes Brighter Futures – an creat náisiúnta um leanaí agus um dhaoine óga 2014 -2020. Déanann foireann curtha i bhfeidhm idirghníomhaireachta, a bhfuil ionadaithe sinsearach ó na gníomhaireachtaí um cheartas i leith n aosa óig ina mbaill di, maoirseacht ar chur i bhfeidhm an phlean ghníomhaíochta. Tá an Cigire Nuala Finn ó Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda mar ionadaí an Gharda Síochána.

GYDP- Tionscnamh Dea-chleachtais: Mar chuid de Thionscnamh dea-chleachtais GYDP- d'oibrigh Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda go dlúth leis an tSeirbhís um Cheartas i leith an Aosa Óig (IYJS) agus Foireann Forbartha Dea-chleachtais um

Thionscadail Athstíúrtha Óige an Gharda in 2016. Tá an Foireann Forbartha Dea-chleachtais dírithe ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm dea-chleachtais laistigh de líonra Thionscadail Athstíúrtha Óige an Gharda agus ar idirghabhálacha soláthraithe ag tionscadail a fheabhsú.

Tuarascáil Greentown

Tá stiúrtóir an chlár athstíúrtha agus an tUas Mr. Eddie D'Arcy, ball de choiste Ailt 44, ina mbaill de ghrúpa saineolaithe curtha le chéile ag an Dr Sean Redmond (atá ar iasacht ón Roinn Leanaí go hOllscoil Luimnigh) agus a bhfuil sé de chúram aige idirghabháil éifeachtach a fhorbairt do dhaoine óga a bhfuil baint acu le líonraí coirpeach fásta; Tá an grúpa saineolaithe seo ag tógáil ar 'Thuarascáil Greentown' agus i measc a bhall tá Cleachtóirí Ceartais i leith an Aosa Óig agus saineolaithe idirnáisiúnta. Bhí roinnt cruinnithe lae i Luimneach ina pléadh an cheist i gcomhthéacs na hÉireann agus tá tús curtha leis an bpróiseas chun idirghabhálacha éifeachtacha féideartha a fhorbairt.

8. OILIÚINT A CUIREADH AR OIFIGIGH IDIRCHADIRIMH DON OIGE

Leagtar in Acht na Leanaí, 2001 dualgas ar Choimisinéir an Gharda Síochána chun oiliúint a sholáthar dóibh siúd atá bainteach sa Chlár Athstíúrtha a éascú.

Próifíl Róil do OIÓ

D'fhonn go ndéanfar OIÓ de Gharda, caithfidh sé/sí taithí 5 bliana a bheith aige/aici ar phóilíneacht agus ar imscrúdú a dhéanamh ar choireacht agus eolas maith a bheith aige/aici ar bheartais, cleachtais agus nósanna imeachta an Gharda Síochána. Tá cáilíochtaí tríú leibhéal i staidéar pobail, seirbhísí sóisialacha, ógánach, síceolaíocht nó limistéir ábhartha eile inmhiannaithe chomh maith. Nuair a dhéantar iarratas ar phost OIÓ, déanfar measúnú ar iarrthóirí i leith réimse inniúlachtaí, ina measc meas ar éagsúlacht, díriú ar an bpobal agus ar chustaiméirí, fadhbréiteach, freagracht phearsanta agus cumarsáid éifeachtach.

Oiliúint Ionduchtúcháin OIÓ

Cuirtear oiliúint ionduchtúcháin ar na Gardaí a cheaptar ina nOifigigh Idirchaidrimh don Óige ina ndírítear ar na dualgais dlíthiúla agus reachtúla faoi bhun an róil. Áirítear leis an oiliúint teagasc sa dea-chleachtas idirnáisiúnta i limistéar an cheartais ógánach i dteannta le treoir faoi na próisis agus na nósanna imeachta riaracháin atá le comhlíonadh nuair a théitear i ngleic le ciontóirí óga.

Oiliúint Idirghabhála

Cuirtear oiliúint ar Oifigigh Idirchaidrimh don Óige i scileanna agus teicnící réitigh coimhlinte. Dírionn an oiliúint sin ar na próisis idirghabhála chun cumarsáid a fheabhsú, chun mothúcháin a mhaolú agus chun caidreamh a chaomhnú. Is clár creidiúnaithe é an clár oiliúna a mhaireann seasca uair an chloig, agus caithfidh na OIÓanna tabhairt faoi, faoi Acht na Leanaí, 2001.

Oiliúint i Scileanna Áisitheora um Cheartas Aisiríoch
Cuirtear cúrsa creidiúnaithe sna Cleachtais Aisiríocha trí lá ar na hOifigigh Idirchaidrimh don Óige. Soláthraíonn an cúrsa na scileanna do na OIÓanna chun rabhaidh aisiríocha a éascú agus chun leas a bhaint as cleachtais aisiríocha ina ndlíthbhaint le ciontóirí óga.

Ard-Diplóma sa Cheartas Ógánach-Óstaí an Rí

Dírítear sa chlár páirtaimseartha seo ar na saincheisteanna tábhachtacha, dlí agus dlíthiúla suntasacha maidir le leanaí a bhíonn páirteach sa chóras ceartais choiriúil. Dírítear é den chuid is mó

ar chiontú ógánach, agus tugtar aghaidh ann freisin ar ról an linbh mar fhinné sna himeachtaí ceartais choiriúil. Leagtar béim phraiticiúil láidir sa Chlár ar roinnt aoi léachtaí ó dhaoine aonair a oibríonn le leanaí i limistéir éagsúla den chóras ceartais choiriúil in Éirinn. Ligtear do na mic léinn trí na léachtaí ábhartha chun tuiscint ghrinn a fhorbairt ar fhorálacha dlíthiúla; beartais; treochtaí ag éirí aníos; taighde; dioscúrsa acadúil reatha agus an dea chleachtas a nglactar leis i limistéar chionta ógánach.

Soláthar Oiliúna OIÓ in 2016

Tá oiliúint dá bhforálar sa reachtaíocht bunaithe ar éileamh agus ceaptar é chun oiliúint a sholáthar ar Idirghabháil, ar Cheartas Aisiríoch agus ar Oiliúint Ionduchtúcháin OIÓ in 2017. In 2016, comhoibrigh GYDO le Stiúrthóir Oiliúna Choláiste an Gharda agus é mar aidhm acu oiliúint ionduchtúcháin OIÓ a chuíchoiriú chun go mbeidh sí stiúrtha agus smachtaithe trí bheartas. Cuireadh tús le pleanáil do Chomhdháil Oiliúna do OIÓna 2017 go luath in 2016. Beidh beim faoi leith ar oiliúint phiara go piara ag Comhdháil 2017 agus déanfar iarracht teacht i dtír ar eolas neamhinste atá ag an Lónra OIÓ agus an t-eolas seo a roinnt le OIÓna nach bhfuil taithí na mblianta acu sa ról.

In 2016, fuair Sáirsintí OIÓ agus Foireann GYDO oiliúint ar YLS/CMI ar uirlis mheasúnaithe é chun riosca atitimeachais i measc daoine óga a mheas agus chun pleanna bainistíochta cáis a fhorbairt bunaithe ar riachtanais agus rioscaí sonracha daoine aonair.


Oiliúint eile

Chomh maith le hoiliúint a chur ar OIÓna, tugann Oifig Athstíúrtha Oige an Gharda faoi oiliúint a chur ar bhaill an Gharda Síochána trí fhreastal ar aonaigh i gColáiste an Gharda agus cuir i láthair a dheanamh do Ghardaí faoi oiliúint céim III. Trí chinntiú go raibh béim curtha ar chiontú an óige ag cruinnithe PAF Roinne agus Ceantair (Feidhmiúlacht agus Cuntasacht), cuireadh oiliúint ar Oifigigh Roinne agus Cheantair trí fhreastail Stiúrthóir an Chláir Athstíúrtha ar chruinnithe réigiúnacha. Chuir OIÓna áitiúla oiliúint ar an gClár Athstíúrtha ar mhic léinn céim III tríd a bhfoirne áitiúla um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach.

9. FAISNÉIS STAITISTIÚIL

Líon na nAtreoruithe

Rinneadh 17,615 atreorú chuig an gClár Athstiúrtha in 2016 arb ionann sin agus 9.7% níos lú ná na 19,513 atreorú a rinneadh leis an gclár in 2015.



Fíor 4 – Líon atreoruithe 2007-2016 (Foinse: Seirbhísí anailíse an Gharda Síochána (GSAS) 2017)


Measadh go raibh 30% na n-atreoruithe Neamhoiriúnach don Chlár Athstiúrtha, déileáladh le 35% díobh trí Rabhadh Neamhfhoirmiúil agus déileáladh le 21% díobh trí rabhadh foirmiúil.

Iena n-áirítear iarratais i gcomhair a thuilleadh faisnéise	Iomlán	%*
Rabhadh Neamhfhoirmiúil	6,251	35%
Míoiriúnach don Chlár Athstiúrtha	5,266	30%
Rabhadh Foirmiúil	3,614	21%
Rabhadh Aisiríoch	667	4%
Gan a Thuilleadh Gníomh	661	4%
*Eile	1,156	7%
Iomlán Glan	17,615	100%

* Iena n-áirítear iarratais i gcomhair a thuilleadh faisnéise

* Ní fhéadfaidh 100% iomlán mar gheall ar earráidí slánaithe


Tábla 1 – Anailís ar atreoruithe 2016 (Foinse: GSAS 2017)



Fíor 5 – Comhréir na moltaí chun atreorú a dhéanamh idir 2015 agus 2016 (D'fhéadfadh nach ionann iomlán na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú)
(Foinse: GSAS 2017)


Ar an mórchuid bhí comhréir na n-atreoruithe do gach cineál seasmhach idir 2015 agus 2016.

Líon na Leanaí a Atreoraíodh



Fíor 5 – Líon na leanaí a atreoraíodh 2007-2016 (Foinse: GSAS 2017)

Atreoraíodh 9,807 leanbh in 2016, arb ionann sin agus 4% ní ba lú ná na 9,807 leanbh a atreoraíodh in 2015.



Fíor 6 – Aois na leanaí a atreoraíodh 2016 (D'fhéadfadh nach ionann iomlán na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú) (Foinse: GSAS 2017)

Bhí 27% de na leanaí a atreoraíodh faoi bhun 15 bliana d'aois in 2016 agus bhí 30% de na leanaí a atreoraíodh faoi 17 mbliana d'aois.

Tábla 2- Toradh an atreoraithe is déanaí le haghaidh leanaí a atreoraíodh in 2016 (Foinse: GSAS 2017)

Leanaí (an t-atreorú is déanaí)	Iomlán	%*	in aghaidh 2015	Fireann	Baineann
Rabhadh Neamhfhoirmiúil	5,016	53%	3%	66%	34%
Rabhadh Foirmiúil	2,246	24%	-7%	84%	16%
Neamhoiriúnach don Chlár Athstiúrtha	1,250	13%	-15%	83%	17%
Gníomh Breise ar Bith	420	4%	-26%	66%	34%
Eile*	519	5%	9%	83%	17%
Iomlán Glan	9,451	100%	-4%	74%	26%

* lena n-áirítear iarratais i gcomhair a thuilleadh faisnéise

* Ní fhéadfaidh 100% iomlán mar gheall ar earráidí slánaithe


- Ba bhuachaillí 74% agus ba chailíní 26% de na leanaí a atreoraíodh.
- Cé go bhfuil méadú 3% ar líon na leanaí a fuair rabhadh neamhfhoirmiúil in 2016 i gcomparáid le 2014 tá laghdú ar threoracha do Rabhaidh Fhoirmiúla agus do Neamhoiriúnach don Chlár Athstiúrtha.
- Fuair 53% an leanaí atreoruithe Rabhadh Neamhfhoirmiúil mar a a gcineál atreoruithe ba dhéanaí. Ba bhuachaillí 66% de na leanaí arbh é Rabhadh Neamhfhoirmiúil an rabhadh ba dhéanaí a tugadh dóibh agus ba bhuachaillí freisin iad 83% de na leanaí a measadh Neamhoiriúnach don Chlár Athstiúrtha mar an rabhadh ba dhéanaí.

Tábla 3– Líon na n-atreoruithe in aghaidh an linbh in 2016 (Foinse: GSAS 2017)

Atreoruithe in 2016	Iomlán	%*	Fireann	Baineann
Ceann amháin	6,848	72%	70%	30%
2-3 atreorú	1,766	19%	80%	20%
4-5 atreorú	401	4%	87%	13%
6 atreorú nó os a chionn	436	5%	88%	12%

* Ní fhéadfaidh 100% iomlán mar gheall ar earráidí slánaithe

Ní raibh ach atreorú amháin faighte ag 72% de na leanaí in 2016 agus fuair siad 6 atreorú nó níos mó in 2016 i gcás 5%. Astu siúd a atreoraíodh uair amháin in 2016, ba bhuachaillí 70% díobh agus ba chailíní 30% díobh. Ba bhuachaillí, den chuid ba mhó, a bhí i gceist le leanaí a raibh 6 atreorú nó níos mó faighte acu, agus ba chailíní 12% díobh.



Fíor 7 – Próifíl aoise leanaí de réir líon na n-atreoruithe (Foinse: GSAS 2017)

Tábla 4 – Líon na n atreoruithe in aghaidh an linbh de réir aoise (Foinse: GSAS 2017)

	Ceann amháin	2-3 atreorú	4-5 atreorú	6 atreorú nó os a chionn	% de réir Aoise ⁺
12 bh.	297	72	7	7	4%
13 bl.	632	150	23	21	9%
14 bl.	971	197	64	51	14%
15 bl.	1,453	346	68	58	20%
16 bl.	1,524	410	94	121	23%
17 mbl.	1,955	586	144	175	30%
18 mbl.	9	2	1	3	0%

Ní áirítear leis seo ach atreoruithe a bhaineann le daoine aonair a cuiread i gcuntas amhail bheith idir 12 agus 18 d'aois.

+ Ní fhéadfaidh 100% iomlán mar gheall ar earráide slánaithe.

Baineann comhréir níos mó d'atreoruithe le leanaí atá níos sine agus b'ionann iad siúd atá 17 mbliana d'aois nó níos sine agus 30% díobh siúd a atreoraíodh agus b'ionann leanaí 12 bhliain d'aois agus ach 4% díobh.

Tábla 5– Líon na n-atreoruithe de réir cineáil (Foinse: GSAS 2017)

Cineál Atreoraithe	Líon na nAtreoruithe in 2016		
	Ceann amháin	2-5 atreorú	6 atreorú nó os a chionn
Rabhadh Neamhfhoirmiúil	70%	27%	2%
Rabhadh Foirmiúil	28%	50%	23%
Míoiriúnach don Chlár Athstiúrtha	10%	25%	65%
Gan a Thuilleadh Gníomh	50%	30%	21%
Eile	36%	36%	28%

** Ní fhéadfaidh 100% iomlán mar gheall ar earráidí slánaithe*

- Baineann an chuid is mó de na torthaí 'Rabhadh Neamhfhoirmiúil' le leanaí nach fuair ach atreorú amháin in 2016. Atreoraíodh 65% díobh siúd a measadh a bhí Neamhoiriúnach lena gcuimsiú sa Chlár 6 huairé nó ní ba mhó in 2016.

NÓTA: Tugtar cuntas sa tuarascáil ar gach atreorú a ndearnadh treorú orthu ar deireadh ar an 26/6/17. Cruthaíodh i bhfad ní ba mhó atreoruithe agus tá siad ag gabháil tríd an bpróiseas riaracháin sular féidir treorú deiridh a dhéanamh orthu. Is féidir le hatreoruithe an stádas a leanas a bhaint amach:

- Ar feitheamh críochnaithe
- Dréacht
- Comhad Creatlaí arna larraidh
- Tuairisc Chumhdaigh arna hlarraidh
- Comhfhreagras faighte
- Tuarascáil an OÍO ag teastáil

Tá aon atreorú a bhaineann an stádas thuas amach sa phróiseas riaracháin go fóill agus is ionann seo agus 'daoine eile' sa tuarascáil.

Leanaí Atreoruithe de réir Ceantair


Cónaíonn 3,043 de na leanaí a atreoraítear chuig an gClár Athstiúrtha i Réigiún Bhaile Átha Cliath agus cónaíonn 1,924 duine breise i Réigiún an Deiscirt. Tugadh méadú 15% faoi deara i Roinn Chiarraí ar an líon leanaí a atreoraíodh agus tháinig laghdú 23% i Roinn Mhaigh Eo ar an líon leanaí a atreoraíodh.

Réigiún Óige	Iomlán	Athrú % 2015	Rabhadh Neamhfhoirmiúil	Míoiriúnach don Chlár Athstiúrtha	Rabhadh Foirmiúil	Gan a Thuilleadh Gníomh	Eile
Réigiún BÁC	3,043	-2%	1,468	520	647	150	258
RCBÁC Thoir	349	16%	198	44	59	25	23
RCBÁC Thuaidh Láir	664	177%	386	97	67	53	61
RCBÁC Thuaidh	589	-18%	230	114	169	28	48
RCBÁC Theas Láir	289	34%	131	55	57	12	34
RCBÁC Theas	469	-34%	200	100	115	8	46
RCBÁC Thiar	683	-26%	323	110	180	24	46
Réigiún an Oirthir	1,193	-12%	603	155	313	56	66
Cill Dara	269	-19%	157	27	59	11	15
Laois/Uíbh Fhailí	257	-6%	150	38	50	10	9
An Mhí	250	-17%	104	36	82	17	11
An Iarmhí	179	16%	73	30	56	8	12
Cill Mhantáin	238	-18%	119	24	66	10	19
Réigiún an Tuaiscirt	1,054	5%	576	112	298	34	34
An Cabhán/Muineachán	280	11%	172	22	77	5	4
Dún na nGall	328	0%	176	23	106	9	14
Lú	298	12%	159	36	81	12	10
Dsligeach/Liatroim	148	-7%	69	31	34	8	6
Réigiún an Oirdheiscirt	1,078	-9%	594	130	263	46	45
Cill Chainnigh/Ceatharlach	268	-5%	169	24	52	8	15
Tiobraid Árann	249	-18%	113	43	74	11	8
Port Láirge	320	-10%	159	41	84	19	17
Loch Garman	241	-4%	153	22	53	8	5
Réigiún an Deiscirt	1,924	-2%	1035	225	508	85	71
Cathair Chorcaí	628	10%	387	77	126	22	16
Corcaigh Thuaidh	284	5%	133	41	87	17	6
Corcaigh Thiar	181	-23%	103	24	44	5	5
Ciarraí	338	15%	200	31	82	13	12
Luimneach	493	-16%	212	52	169	28	32
Réigiún an Iarthair	1,159	-9%	740	108	217	49	45
An Clár	321	3%	210	23	64	14	10
Gaillimh	488	-14%	313	51	89	21	14
Maigh Eo	176	-21%	122	4	33	11	6
Ros Comáin/An Longfort	174	5%	95	30	31	3	15
Lasmuigh den dlínse	0	-100%	0	0	0	0	0
Olliomlán	9,451	-4%	5,016	1,250	2,246	420	519

Tábla 6 – Líon na leanaí a atreoraíodh de réir roinn an Gharda Síochána (Foinse: GSAS 2017)


LEANAÍ A DTUGTAR RABHAIDH NEAMHFHOIRMIÚLA/FHOIRMIÚLA DÓIBH

Fuair 7,262 leanbh rabhaidh Fhoirmiúla nó Neamhfhoirmiúla in 2016. Is ionann seo agus 20 níos lú ná na rabhaidh a fuarthas in 2015, bunaithe ar an atreorú is déanaí a fuarthas. Buachaillí iad 72% díobh siúd a dtugtar rabhaidh dóibh agus cailíní iad 28% díobh.



Fíor 8 – Líon na leanaí ar tugadh rabhaidh fhoirmiúla/neamhfhoirmiúla dóibh sa tréimhse 2007-2016 (Foinse: GSAS 2017)

Measadh go raibh 77% de na leanaí oiriúnach lena gcuimsiú sa Chlár agus fuair 53% díobh Rabhadh Neamhfhoirmiúil agus fuair 24% Rabhadh Fhoirmiúil – bunaithe ar an atreorú is déanaí a fuarthas.



Fíor 9 – comhréir na leanaí ar tugadh rabhaidh fhoirmiúla/neamhfhoirmiúla dóibh sa tréimhse 2007-2016 (Foinse: GSAS 2017)


LEANAÍ A MHEASTAR ATÁ NEAMHOIRIÚNACH DON CHLÁR ATHSTIÚRTHA

Is féidir leanbh a thaifeadadh amhail bheith neamhoiriúnach más ann d'aon cheann de na nithe seo a leanas:

- Ní ghlacann an leanbh le freagracht as a gcuid iompair.
- Ní thóilíonn an leanbh dá rabhadh agus, de réir mar is cuí.
- Ní rachadh sé chun tairbhe na sochaí chun rabhadh a thabhairt don leanbh.
- Bíonn an leanbh ag athchiontú go dianseasmhach.


Beidh an Stiúrthóir sásta gurb iomchuí í iontráil an linbh isteach sa Chlár, gur chun leasa an linbh é agus go mbíonn sé comhsheasmhach le leasanna na sochaí agus aon íospartach/íospartaigh. Nuair a bhítear ag breithniú ar ghlacadh leis an leanbh isteach sa Chlár, is amhlaidh a thabharfar machnamh go cuí d'aon tuairimí a nochtann íospartach ar bith i ndáil le hiompar coiriúil nó frithshóisialta an linbh, ach ní bheidh toiliú an íospartaigh ina riachtanas dá nglacadh isteach. Seoltar na cásanna a mheastar atá neamhoiriúnach ar ais chuig lucht bainistíochta áitiúla an Gharda Síochána leis an deimhniú gur neamhoiriúnach é an leanbh dá n áireamh sa Chlár Athstíúrtha. Is amhlaidh sin sa tsúil chun ionchúiseamh a thionscnamh os comhair na Cúirte.

Measadh go raibh 1,250 leanbh san iomlán Neamhoiriúnach don Chlár in 2016, ar laghdú 15% é seo ar na 1,479 leanbh san iomlán, in 2015 – bunaithe ar an atreorú is déanaí a fuarthas. Tá an laghdú seo níos mó ná an laghdú 7% a tháinig ar an líon iomlán leanaí a atreoraíodh idir 2014 agus 2015. Is buachaillí 87% díobh agus is cailíní 13% díobh.



Fíor 10 – Líon na leanaí a measadh a bhí neamhoiriúnach lena gcuimsiú sa Chlár (Foinse: GSAS 2017)

B'ionann comhréir na leanaí a measadh a bhí Neamhoiriúnach don Chlár agus 13% in 2016, ar laghdú é sin ar 15% in 2015.



Fíor 11– Comhréir na leanaí a measadh a bhí neamhoiriúnach lena gcuimsiú sa Chlár 2007-2016 (Foinse: GSAS 2017)

Cineál na gCionta

CIONTA AR ATREO RAÍODH LEANAÍ CHUIG AN gClár ATH STIÚRTHA MAR GHEALL ORTHU IN 2016

Tugtar le fios i dTábla 8 na cionta ar atreoraíodh leanaí chuig an gClár Athstíúrtha mar gheall orthu in 2016. Tugtar le fios sa cholún glas comhréir na gcionta óige i dtaobh líon foriomlán na gcionta siúd in 2016.

IS iad goid agus cionta gaolmhara (21%), Buirgléireacht agus cionta (24%), agus díobháil a dhéanamh do mhaoín agus don timpeallacht (34%) na príomhchatagóirí cionta dá n atreoraítear leanaí.

Grúpa Cionta / Saghas an Chionta	2016	% den Líon Iomlán	% an Athraithe	2015	Comhréir de Chionta a Braithheadh in 2016*
Goid agus Cionta Gaolmhara	5,413	30.7%	-3%	5,571	23%
Goid ó Shiopa	3,620	20.6%	-1%	3,646	23%
Goid Eile	466	2.6%	-14%	540	14%
Goid/Feithicil a thógáil gan údarás	307	1.7%	-9%	339	49%
Goid ó fheithicil	353	2.0%	-1%	358	32%
Goid/Rothar a thógáil gan údarás	192	1.1%	-7%	207	39%
Láimhseáil Maoine Goidte	269	1.5%	-2%	275	21%
Goid ó dhuine	106	0.6%	+22%	87	17%
Cur isteach ar Mheicníocht Feithicle Inneallghluaiste	99	0.6%	-13%	114	38%
Ord Poiblí agus Cionta Cóid Shóisialta eile	3,933	22.3%	-11%	4,432	15%
Cionta oird phoiblí	2,077	11.8%	-10%	2,298	13%
Cionta foghla	796	4.5%	-22%	1,022	39%
Cionta meisce	569	3.2%	+2%	557	9%
Ceannach nó Ól Alcóil ag Daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois	317	1.8%	+10%	287	---
Airgead a bhailiú gan chead	39	0.2%	-20%	49	55%
Gráscar/Ciréib/Mí-ord Foréigneach	46	0.3%	-59%	113	49%
Déirc a iarraidh	42	0.2%	-22%	54	3%
Díobháil a dhéanamh do Mhaoín agus don Timpeall	1,840	10.4%	-17%	2,214	37%
Díobháil chiriúil (nach coirloscadh é)	1,665	9.5%	-16%	1,980	35%
Coirloscadh	170	1.0%	-25%	226	63%
Cionta bruscair	5	0.0%	-38%	8	10%
Irrachtai/Bagairt chun Dúnmharú/Ionsaí/Ciapadh	1,561	8.9%	-2%	1,586	19%
Mionionsaí	1,038	5.9%	-3%	1,065	20%
Ionsaithe is cúis le díobháil a dhéanamh	389	2.2%	-2%	398	19%
Ionsaí/Bac/Cur in Aghaidh Gabhála - Oifigeach Siochana	72	0.4%	+6%	68	21%
Bagairt/larracht chun Dúnmharú	19	0.1%	-27%	26	7%
Ciapadh	22	0.1%	+83%	12	12%
Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara	836	4.7%	-36%	1,301	26%
Buirgléireacht (gan í a bheith forthromaithe)	720	4.1%	-35%	1,109	27%
Ga bháil earra (le hintinn buirgléireachta, gadaíochta, éilimh)	97	0.6%	-42%	167	21%
Trom bhuirgléireacht	19	0.1%	-24%	25	21%
Cionta Drugaí Rí alaithe	1,020	5.8%	+0%	1,019	6%
Sealbhú drugaí le húsáid phearsanta	794	4.5%	-3%	817	7%
Sealbhú drugaí le díol agus soláthar	177	1.0%	+6%	167	5%
Cosc faoin Acht um mí-úsáid Drugaí	45	0.3%	+45%	31	11%
Saothrú nó táirgeadh Drugaí	4	0.0%	+0%	4	2%
Cionta Bóithre agus Tráchtá (nach n-aicmítear in áit ar bith eile)	1,028	5.8%	-11%	1,159	2%
Cionta ginearálta bóithre	534	3.0%	-8%	583	2%
Ceadúnas/Árachas/Cáin	388	2.2%	-13%	446	2%
Gníomhartha Contúirteacha nó Failíochá	487	2.8%	-3%	501	1%
Tiomáint chontúirteach/neamhaireach	351	2.0%	+17%	299	9%
Tiomáint róghasta	57	0.3%	-48%	109	0%
Cionta tráchtá a d'fhéadfaidh dochar a dhéanamh	34	0.2%	-19%	42	46%
Tiomáint/bheithicil feithicle thar teorainn dleathach alcóil	32	0.2%	-9%	35	0%
Tiomáint feithicle/bheithicil i gceannas ar fheithicil faoi thionchar drug	6	0.0%	+20%	5	3%
Cionta a Airm Phl éas cacha	360	2.0%	-18%	439	19%
Sealbhú arm ionsaitheach (gan airm thine san áireamh)	281	1.6%	-28%	393	17%
Cionta atá bainteach le tinte ealaíne (díol, lasadh, srl)	55	0.3%	+120%	25	62%
Sealbhú arm tine	24	0.1%	+50%	16	15%
Cionta Robála Sracaídh agus Fua daithe	240	1.4%	-39%	393	30%
Robáil ón bPearsa	197	1.1%	-42%	339	49%
Robáil ó fhoras nó ó institiúid	30	0.2%	+3%	29	9%
Fuadach cairr, Fuadach / Urghabháil Mhídhleathach Aerárthaigh /	13	0.1%	-46%	24	38%
Cionta in aghaidh an Rialtais, Nósanna Ceartais agus Eagrú na Coire	339	1.9%	-28%	471	3%
Sárú bannaí	304	1.7%	-28%	422	4%
Cionta Gnéasacha	334	1.9%	+39%	241	45%
Ionsaí Gnéasach (Gan a bheith trom)	163	0.9%	+12%	145	39%
Éigniú Fir nó Mná	114	0.6%	+143%	47	46%
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2006	33	0.2%	-18%	40	56%
Pornagrafaíocht Leanai	21	0.1%	+133%	9	25%
Calaois, Dallamullóg agus Cionta Gaolmhara	145	0.8%	+38%	105	8%
Cionta nach bhfuil rangaithe aon áit eile	74	0.4%	+3%	72	5%
Fuadach agus Cionta Gaolmhara	3	0.0%	-57%	7	6%
Cionta Dún mhású	2	0.0%	+0%	2	4%
Dúnmharú	2	0.0%	+100%	1	8%
Tiomáint Chontúirteach faoi deara Bás	0	0.0%	-100%	1	0%
Gach cion	17,615	100.0%	-10%	19,513	9%

* Líon na gCionta Dhaoine Óga taobh le cionta braite i 2016

* Na cionta is coitianta atá liostaithe

** Ní fhéadfaidh 100% iomlán mar gheall ar earráidí slánaithe

9. CEARTAS AISIRÍOCH

Is próiseas saorálach é an ceartas aisiríoch mar a nglacann an duine óg freagracht as a (h)iompar ciontaithe agus mar a n éiríonn siad freagrach dóibh siúd a ndearna siad díobháil dóibh. Tugtar an deis don íospartach chun a gcuid tuairimí a léiriú trí chruinniú pearsanta leis an duine óg nó trí chur i láthair a gcuid tuairimí ag duine eile. Tugadh 667 Rabadh Aisiríoch in 2016, Táthar ag súil áfach go mbeidh laghdú ar an líon seo in 2017 mar gheall ar impleachta an Bhille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh Coiriúlachta) 2016, a bhfuil sé mar aidhm aige Treoir na nÍospartach 2012/29/EU a chuimsiú sa reachtaíocht. Bunaíonn an treoir seo caighdeán íosta maidir le cearta, le tacaíochtaí agus le cosaint Íospartach coiriúlachta agus d'fhéadfadh go mbeadh impleachtaí ann do cheartas aisiríoch toisc meadú freagrachta íospartaigh a chosaint le linn an phróisis.

CAD A LORGAÍONN CEARTAS AISIRÍOCH A BHAINT AMACH? Déantar díobháil do dhuine nó do phobal éigin nuair a dhéantar cion nó coir. Déantar iarracht tríd an gceartas aisiríoch chun plé leis an díobháil trí chomhphlé agus déantar iarracht chun an díobháil sin a thabhairt chuig croílár an chomhphlé. Déantar amhlaidh ach glór a thabhairt don duine a ndeachaigh an choir i bhfeidhm orthu. Cruthaítear deis leis ansin don chiontóir chun an díobháil a d'éascair ón gcion a chur ina ceart agus chun oibriú i dtreo cosc a chur ar athchiontú. Ní bhaineann breithiúnas ná milleán le próiseas an Cheartais Aisiríoch.

CÉ AR FEIDIR LEO BAINT A BHEITH ACU? Is go saorálach a ghlacann gach aon duine a bhíonn páirteach i gcruinniú Ceartais Aisiríoch. Ba cheart go n áireofaí leis na rannpháirtithe an duine óg a rinne an cion, a t(h)eaghlach agus an t-íospartach, agus féadann duine éigin eile teacht in éineacht leo chun tacú leo. Féadtar cuireadh a thabhairt ón íospartach nó ón duine óg do dhuine ar bith a fhéadann rannchuidiú go dearfach leis an bpróiseas. Is é OÍÓ a eagraíonn an próiseas, agus is iondúil gur OÍÓ eile le sainoiliúint a bhíonn mar chathaoirleach air. Áirítear leis na samplaí de dhaoine dá dtugtar cuireadh chun freastal air: daoine chun tacú leis an íospartach, oidí, oibrithe sóisialta, oiliúnóirí spórt agus oibrithe óige nó tionscadail.

CAD A THARLAÍONN AG IMEACHT AISIRÍOCH? Cuireann an cathaoirleach, ar OÍÓ é/í, gach duine in aithne ar a chéile, agus tugann achoimre ar leagan amach an chruinnithe. Tugann an duine óg cuntas i leith a (h) iompair. Bíonn an deis ansin ag gach rannpháirtí chun a scéal a insint gan bhriseadh, agus chun an chaoi a ndeachaigh an t-iompar ciontaithe i bhfeidhm orthu a chur in iúl. Nuair a bhíonn cead cainte tugtha do gach aon duine ar mian leo labhairt, is amhlaidh a bheidh deis ann chun freagairt agus chun ceisteanna a chur. Tabharfar deis don chiontóir chun leithscéal a ghabháil, agus tabharfar deis don íospartach a dteastaíonn uathu ón gcruinniú a rá. Tarlaíonn comhrá ansin faoin gcaoi is fearr chun riachtanais an íospartaigh a shásamh agus chun aghaidh a thabhairt ar an díobháil. Pléitear ansin

iompar an duine óg sa todhchaí. Aithneofar tacaíochtaí sa chruinniú de réir mar is féidir lena gcur i bhfeidhm chun cuidiú leis an duine óg chun cosc a chur lena (h)athchiontú. De réir an dlí is rúnda iad na saincheisteanna a nothaítear ag an gcruinniú agus an t ábhar d'aon chomhaontú ar a dtagtar, agus ní nochtar iad d'aon duine gan chead roimh ré díobh siúd lena mbaineann.


CÁ REÁCHTÁLFAR AN CRUINNÍÚ? Is féidir an cruinniú Ceartais Aisiríoch a reáchtáil ag ionad ar bith ar a gcomhaontaíonn na páirtithe a mbíonn dlúthbhaint dhíreach acu leis. Tá sé tábhachtach go mbraitheann na páirtithe dá dtugtar cuireadh slán sábháilte agus ar a gcompond. Áirítear le samplaí de na hionaid sin lárionaid phobail, spórtlanna, agus lárionaid pharóiste, óstáin agus stáisiúin Ghardaí.

CAD IAD NA TAIRBHÍ FÉIDEARTHA DON ÍOSPARTACH? Faigheann íospartaigh cead cainte, chun a ndearcadh i leith an scéil a thabhairt agus chun tionchar iomlán an chiona orthu a mhíniú. Faigheann siad deis freisin chun bualadh leis na ciontóirí agus chun dúshlán a thabhairt in aghaidh a gcuid iompair. Tugtar le fios ón aiseolas ó íospartaigh gur cuiditheach é an próiseas seo chun bogadh ar aghaidh ón gcion. Féadann an cruinniú cuidiú leo freisin chun aon imní i leith íospairt fhéideartha na todhchaí a sháru nó chun freagraí a fháil do cheisteanna a chuireann as dóibh. Cé nach bhfuil aon ráthú ann don toradh deiridh, is féidir le híospartaigh tairbhe a bhaint freisin ó chúiteamh airgeadais nó ó chineálacha aisíoca eile.

CAD IAD NA TAIRBHÍ FÉIDEARTHA DON DUINE ÓG? Soláthraítear leis an rabhadh aisiríoch agus leis an gcomhdháil deis don duine óg chun glacadh le freagracht as a c(h)uid gníomhartha agus chun cuntas a thabhairt i leith a n iompair. Faigheann siad deis chun leithscéal a ghabháil go díreach leis an íospartach, agus de réir mar is cuí, chun rud éigin dearfach a dhéanamh chun an díobháil dá bharr a dheisiú. Déantar iarracht sa chruinniú chun cúnamh leis an duine óg chun athchiontú a chosc trí ghlacadh leis an toradh agus comhtháthú in athuair.

STAITISTICÍ CEARTAIS AISIRÍOCH IN 2016

Rabhadh Aisiríoch:



Fíor 12-Líon na Rabhadh Aisiríoch 2007-2016 (Foinse: GSAS 2017)

Tugadh 667 Rabhadh Aisiríoch in 2016, laghdú ó 891 Rabhadh Aisiríoch in 2015 ar laghdú 25% é sin.

Réigiún Óige	2016	Athrú % 2015	2015	2014	2013
Réigiún BÁC	130	-45%	237	278	254
RCBÁC Thoir	4	-79%	19	27	11
RCBÁC Thuaidh Láir	10	+25%	8	17	28
RCBÁC Thuaidh	57	-34%	86	136	136
RCBÁC Theas Láir	6	-71%	21	18	12
RCBÁC Theas	0	-100%	27	11	6
RCBÁC Thiar	53	-30%	76	69	61
Réigiún an Oirthir	143	+59%	90	116	103
Cill Dara	7	-56%	16	19	5
Laois/Uíbh Fhailí	65	+282%	17	21	28
An Mhí	35	+84%	19	41	29
An Iarmhí	29	-6%	31	27	25
Cill Mhantáin	7	+0%	7	8	16
Réigiún an Tuaiscirt	145	+0%	145	162	81
An Cabhán/Muineachán	28	+75%	16	32	18
Dún na nGall	50	-22%	64	69	36
Lú	64	+94%	33	53	18
Dsligeach/Liatroim	3	-91%	32	8	9
Réigiún an Oirdheiscirt	38	-64%	106	108	144
Cill Chainnigh/Ceatharlach	0	-100%	21	17	17
Tiobraid Árann	13	-76%	55	49	43
Port Láirge	11	-27%	15	26	36
Loch Garman	14	-7%	15	16	48
Réigiún an Deiscirt	147	-43%	260	272	265
Cathair Chorcaí	42	-39%	69	51	62
Corcaigh Thuaidh	45	-43%	79	65	73
Corcaigh Thiar	19	-47%	36	20	25
Ciarraí	19	-50%	38	46	48
Luimneach	22	-42%	38	90	57
Réigiún an Iarthair	58	+66%	35	57	60
An Clár	24	+167%	9	13	33
Gaillimh	9	-36%	14	35	13
Maigh Eo	22	+340%	5	5	13
Ros Comáin/An Longfort	3	-57%	7	4	1
Lasmuigh den dlínse	6	-67%	18	0	2
Olliomlán	667	-25%	891	993	909

Tábla 7-Rabhaidh Aisiríocha de réir Ceantair (Foinse: GSAS 2017)

10. TIONSCADAIL ATHSTIÚRTHA ÓIGE AN GHARDA

Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (GYDPs)

Is tionscnaimh phobalbhunaithe ilghníomhaireachta um choireacht an óige a chosc iad GYDPs. Díritear go príomha ar dhaoine óga a raibh rannpháirt acu le hiompar frithshóisialta agus/nó coiriúil a athstiúradh trí ghníomhaíochtaí oiriúnacha a sholáthar chun éascú don fhorbairt phearsanta, chun freagracht shibhialta a chur chun cinn agus chun ionchais fostaíochta fhadtéarmacha a fheabhsú.

Féadtar oibriú le daoine óga sna tionscadail freisin a bhíonn go mór i mbaol bheith bainteach le hiompar frithshóisialta agus/nó coiriúil. Is tríd an saothar sin a rannchuireann na tionscadail le feabhsú cháilíocht na beatha laistigh de na pobail agus le feabhsú an chaidrimh idir an Garda

Oibrítear le daoine óga sna GYDPs den chuid is mó ag aois idir 12 agus 18 mbliana déag, a tháinig trasna an dlí nó atá i mbaol an dlí a thrasnú. Is féidir duine óg a atreorú chuig tionscadal atreoraithe i ndiaidh rabhaidh OIÓ. Is féidir le Garda eile, gníomhaireacht eile, oibriú pobail nó ball teaghlaigh leanbh a atreorú áfach.

Oibrítear leis an leanbh sa tionscadal agus socraítear plean idirghabhála aonair dó/di ina bhféachtar chun cúnamh leis an leanbh chun a gcuid cinnteoireachta a scrúdú, trí dhíriú ar chinntí óna dtagann a gcuid cionta agus ar an ngá d'athrú meoin. Baineann foireann an tionscadail leas as teicníochtaí agallóireachta spreagthacha chun an t athrú sin a éascú agus baintear leas as samhaltú sóisialta chun dúshlán a thabhairt in aghaidh dhearcthaí agus iompar an rannpháirtí aonair. Soláthraítear

cúnamh agus tacaíocht freisin do theaghlach an rannpháirtí, agus aithnítear go gcaithfear aon athrú ar dhearcthaí agus iompar an rannpháirtí a atreisiú go dearfach sa bhaile, ar scoil, laistigh de phiarghrúpaí agus sa phobal.

I rith 2016, d'oibrigh Oifig Tionscadal Athstiúrtha Óige an Gharda go dlúth le Seirbhís na héireann um Cheartas i leith an Aosa Óig (IYJS) agus le Foireann Forbartha Dea-chleachtais Thionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm dea-chleachtais laistigh de líonra Thionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda agus chun na idirghabhálacha a sholáthraíonn na tionscadail a fheabhsú.

Cistiú Tionscadal Athstiúrtha Óige an Gharda 2016

Ta gach Tionscadal Athstiúrtha Óige an Gharda Comh-mhaoinithe faoin gclár Infhostaíochta, ionchuimsíochta agus Foghlama (PEIL)2014 – 2020 de Chiste Sóisialta na hEorpa.

In 2016, leithdháileadh €11.5m go IYJS chun GYDPs a chistiú agus leithdháileadh €2 milliún sa bhreis ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun tacú le deich dtionscadal nua agus le hoibrithe breise um cheartas i leith an aosa óig i dtionscadail a bhí ann cheana féin. Socraíodh láthair na 10 dtionscadal nua in 2015 agus tá gach ceann acu faoi lán seoil anois i Domhnach Cearna, Leamhcán, Inse Cóir, Baile Brigín, Rath Eanaigh, An Nás, BAILE átha Í Carraig Uí Leighin, An tAonach agus Ráth Caola.

Láthair Thionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda



Fíor 13- Láthair Thionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda (Foinse: Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda 2017)

11. FORBAIRTÍ AR ATHSTIÚRADH I RITH 2016

An stadas 'neamhoiriúnach do gach cás (UFAC) bainte.

Baineadh an stádas 'neamhoiriúnach i ngach cás' in Eanáir 2016 (UFAC). Chinn Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha é seo mar nach ligeann an cleachtas riaracháin athchiontóirí a mheas mar 'neamhoiriúnach i ngach cás páistí ar athchiontóir é/í a mheas do leordhóthaineach le bheith cuimsithe sa Chlár mar atá riachtanach faoin Acht Leanaí 2001. Ciallaíonn sé seo go ndéanann GYDO gach cás do gach leanbh a mhionchíoradh agus cuireann Stiúrthóir an Chláir a shéala air. Ligeann sé seo d'anailís a dhéanamh ar gach cás aonair agus tugann sé deis dúinn pleananna gníomhaíochta a fhorbairt chun dul i ngleic le ciontú an linbh.

Bhí 17,615 atreorú in 2016 agus bhí impleachtaí ann do chumas an GYDO mar gheall ar an gcleachtas riaracháin a bhaint. Chun tabhairt faoi seo agus chun tuilleadh forbairtí ag GYDO a chumasú, tá cás gnó curtha faoi bhráid Bhainistíocht Acmhainní Daonna an Gharda chun acmhainní breise a fháil don oifig.

Foireann Curtha i bhFeidhm do Phlean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig 2014-2018

Tá foireann curtha i bhfeidhm idirghníomhaireachta, a bhfuil ionadaithe sinsearacha ó gach gníomhaireacht um cheartas i leith an Aosa Óig, ag déanamh maoirseachta ar chur i bhfeidhm An Phlean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig 2014-2018. Tá an Cigire Nuala Finn ó Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda mar ionadaí an Gharda Síochána. Is iad na gníomhaireachtaí eile atá páirteach ná an tSeirbhís Phríosún, Ionad Coinneála Bhaile an Oibricigh, TUSLA, FSS an tSeirbhís Promhaidh agus na Cúirteanna. Tá sainspriocanna aitheanta sa phlean gníomhaíochta chun na geallúintí atá leagtha amach sa chlár rialtais, I dTreo Aisghabhála: Clár don Rialtas Náisiúnta 2011-2016 a bhaint amach sa réimse Cheartais i leith an Aosa Óig a bhaint amach. Is cuid é freisin de bheartais leathana náisiúnta, lena n-áirítear Better Outcomes Brighter Futures – an creat náisiúnta um leanaí agus um dhaoine óga 2014 -2020.

In 2016, mar chuid den obair seo idirghníomhaireachta, réimse eile atá aitheanta do chíoradh breise is ea leanaí atá faoi chúram an stáit agus a n-atreoruithe chuig an gclár athstiúrtha mar gheall ar chionta a rinneadh agus iad sa teach cúraim. Tá sé i gceist imscrúdú a dhéanamh in 2017 lena mbreathnófar ar fhreagra cuí na ngníomhaireachta stáit ábhartha chun cúnamh a thabhairt do na leanaí seo.

Oiliúint agus Forbairt

Mar a dhéantar tagairt dó faoin mhír Oiliúint a cuireadh ar 'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige' sa tuarascáil seo, in 2016, chomhoibrigh GYDO le Stiúrthóir Oiliúna Choláiste an Gharda maidir le hoiliúint ionductáin do OIÓnna a chuíchóiriú chun a chinntiú chun go mbeidh sí stiúrtha agus smachtaithe trí bheartas. Beidh tuilleadh forbartha déanta ar an oiliúint seo agus beidh sí curtha i bhfeidhm in 2017. Cuireadh tús freisin le pleanáil do Chomhdháil Oiliúna 2017 in 2016 a bhfuil sé i gceist í a réachtáil an 3 agus an 4 Deireadh Fómhair 2017.

Athbhreithniú ar an gClár Athstiúrtha

Bhí Athbhreithniú an Choimisinéara ar an gClár Athstiúrtha agus Athbhreithniú Aonad Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda fós ar siúl i rith 2016. Tá a dtuarascálacha agus a torthaí le beith curtha i gcrích in 2017 agus nuair a bheidh siad críochnaithe beidh beidh plean oibre ann d'fhorbairt GYDO agus an Chláir Athstiúrtha as seo amach.

Cuireadh na moltaí a leanas ó Thuarascáil Bhliantúil an Choiste Monatóireachta i bhfeidhm in 2016:

- Ag teacht le moltaí na Tuarascála Bliantúla 2015 tá béim curtha ar chiontú an óige ag cruinnithe PAF Roinne agus Ceantair (Feidhmiúlacht agus Cuntasacht), cuireadh oiliúint ar Oifigigh Roinne agus Cheantair. Baineadh é seo amach trí oiliúint a chur ar Oifigigh Cheantair agus Roinne ar an gClár Athstiúrtha agus trí fhreastal an Stiúrthóra ar roinnt chruinnithe PAF.
- Ní úsáidtear an focal ‘ógánach’ i gcomhfhreagras nó i tuairiscí an GYDO a thuilleadh. Úsáideann an Gharda Síochána é áfach agus ní mór dul i ngleic leis seo.
- Os rud é go bhfuil an stádas ‘neamhoiriúnach i ngach cás’ bainte as feidhm anois, cinntítear anois go ndéanann an Stiúrthóir athbhreithniú anois ar an 5% ciontóirí ar measadh neamhoiriúnach le bheith cuimsithe sa Chlár Athstiúrtha roimhe seo .
- Leanann An Garda Síochána ag obair go dlúth le IYJS chun a chinntiú go bhfuil tosaíocht tugtha d’infheistíocht san Athstiúradh Óige agus cistiú tugtha d’oiliúint an Gharda agus do Thionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda. Tugann an Coiste faoi deara áfach go mbeidh deireadh curtha le cistiú IYJS d’oiliúint an Gharda an 1 Eanáir 2018.

Moltaí le bheith tugtha chun tosaigh go 2017:

- Níl forbairt na hoifige ag teacht le moladh Thuarascáil Bhliantúil 2015 de bharr chumas reatha teoranta an GYDO. Baineann sé seo freisin leis an moladh machnamh a dhéanamh ar mhaoirseacht agus tacaíocht OIÓнна a láidriú sna ranna sin nach bhfuil sáirsint acu faoi láthair
- Tabharfar faoi fhorbairt an GYDO in 2017 de réir mholtaí an Choiste agus de réir thorthaí thorthaí na dtuarascálacha ó Athbhreithniú an Choimisinéara ar an gClár Athstiúrtha agus Athbhreithniú Aonad Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda.

12. DÚSHLÁIN AGUS RIOSCAÍ DON CHLÁR ATHSTIÚRTHA

D'aithin an coiste na dúshláin agus na rioscaí a leanas don Chlár Athstiúrtha a mbeidh monatóireacht le déanamh orthu i rith 2017:

- **Treoir na nÍospartach 2012/29/EU**

D'fhéadfadh go mbeidh iarmhairtí ann do Cheartas Aisiríoch laistigh den Chlár Athstiúrtha de bharr Threoir na nÍospartach 2012/29/EU agus an Bhille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh Coireachta) 2016 de bharr an mhéadú freagrachta ar An Garda Síochána íospartaigh a chosaint roimh, le linn agus i ndiaidh imeachta aisirígh.

- **Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda nach bhfuil dóthain acmhainní aici**

Leanann ceist an chumais laistigh de GYDO le bheith ina dúshlán d'éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha. Tá sé tugtha faoi deara go bhfuil cás gnó curtha faoi bhráid Bhainistíocht Acmhainní Daonna an Gharda le haghaidh athstruchtúraithe agus leithdháile breis foirne ar GYDO. Tá sé tugtha faoi deara freisin go bhféadfadh go mbeadh tionchar ag tuarascálacha a n-eascróidh ó Athbhreithniú an Choimisinéara ar an gClár Athstiúrtha agus ó Athbhreithniú Aonad Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda ar athruithe féideartha ar struchtúr GYDO.

- **Maoirseacht ar Chiontóir Gnéis atá ina leanaí**

D'aithin an Coiste riosca a bhaineann leis an bpróiseas reatha bainistíochta agus maoirseachta ciontóirí gnéis atá ina leanaí agus go bhfuil oiliúint agus forbairt bheartais ag teastáil chun go dtabharfar faoin gceist seo go héifeachtúil.

- **Alt 47 den Acht Leanaí 2001**

Ta an Coiste den tuairim gur gá Alt 247 d'Acht Leanaí 2001 a chur chun feidhme chun a riosca a bhaineann leis an gClár Athstiúrtha a chur i bhfeidhm a mhaolú. Tá foráil in Alt 47 d'Acht Leanaí 2001 go bhféadfaidh an tAire rialacháin lena leagfar amach, i measc eile, na nósanna atá le leanúint nuair a chinnfidh an Stiúrthóir ar ghníomhartha cuí nuair a chuimseofar leanbh sa Chlár Athstiúrtha, an leibhéal maoirseachta cuí in aon chás nó cineál cáis, agus aon iompar coiriúil de chineál tromchúiseach lena ndiúltófar do rannpháirtíocht ar an gclár.

13. Moltaí

Molann an Coiste:

- Tabharfar tuarascálacha ar Athbhreithniú ar Chlár Athstiúrtha an Choimisinéara agus Aonad Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda chun críche faoi dheireadh 2017.
- Is gá leanúint le béim a leagan ar chiontú an óige ag PAF (Feidhmiúlacht agus cunatasacht) Roinne agus Ceantair in 2017.
- D'aithin Aonad Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda dúshlán shuntasacha a bhaineann leis an gClár, go háirithe leo siúd a mheastar neamhoiriúnach don Chlár iad agus moltar mionchíoradh a dhéanamh ar an ábhar agus é a chur i gceart mar ábhar práinne.
- Moltar go dtabharfar faoi gach toradh sna tuarascálacha athbhreithnithe i rith 2017 agus 2018 chun ionracas an chlár a chaomhnú agus chun bheith ag obair i dtreo foirfeachta.
- Go leithdháilfaidh An Garda Síochána acmhainní breise go hOifig Athstiúrtha Óige an Gharda chun freastal ar riachtanais leathna leanaí atá sa chóras dlí coiriúil. Teastaíonn forbairt ar bheartais agus ar nósanna maidir le próisis Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda.
- Toradh ar Athbhreithniú Phlean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig 2014-2018
Foireann Curtha i bhFeidhm maidir le ciontóirí óga atá faoi chúram an Stáit a mheas i rith 2017.
- Go leanfar le monatóireacht ar athchiontóirí agus go ndíreofar Acmhainní Roinne ar an ngrúpa seo.
- Go leanfar le hoiliúint agus le uas-scileáil ar Oifigigh Idirchaidrimh Óige maidir le Ionduchtú, le hidirghabháil agus le hoiliúint ar Éascaitheoireacht um Cheartas Aisiríoch.